## Airgead a Bhainistiú

Ach a phost a chailliúint, féadfaidh athrú ollmhór teacht ar chúinsí airgeadais duine, go háirithe nuair a bhíonn leanaí agus/nó cleithiúnaigh (daoine a bhíonn ag brath air) eile ag an duine sin.

### Fiacha a Bhainistiú

Tá roinnt oifigí áitiúla ag an tSeirbhís um Chomhairle agus Buiséadú Airgid (MABS) ar fud na tíre. Cuireann siad comhairle agus cúnamh praiticiúil ar fáil cosúil le bainistiú airgid agus idirbheartaíocht le creidiúnaithe.

Ba chóir an t-eolas seo a leanas a thabhairt chuig oibrí comhairle MABS

- Liosta den ioncam agus den chait-eachas ar fad
- Liosta ainmneacha, seoltaí agus uimhreacha gutháin na gcreidiún-aithe ar fad
- Suim an airgid dlite, fad an ama a bhfuil sé dlite agus ráta agus méid an úis
- Aon litreacha a fuarthas ó chreidiúnaithe, ó dhlíodóirí nó ó ghníomhaireachtaí bailithe fiacha agus aon fhreagraí a seoladh ar ais chucu
- Aon cháipéisí nó comhaontuithe ábhartha dlíthiúla eile

Is féidir le hoibrí comhairle MABS cuidiú le duine atá dífhostaithe comhaontuithe íoca a dhéanamh amach

Bheadh sé an-áiseach, chomh maith, dá bhféachadh Oifigeach Leasa Shóisialaigh chuige go mbeadh a t(h)eidlíochtaí ar fad á bhfáil ag duine.

### Eolas Breise

Tá liosta iomlán oifigí MABS le fáil ar www.mabs.ie nó sa leabhar gutháin.





## Réamhrá

In ainneoin fás leanúnach an gheilleagair agus margadh saothair a bhfuil athrú mór tagtha air le deich mbliana anuas, cailleann go leor daoine a bpostanna agus is amhlaidh a bheidh amach anseo chomh maith. I rith 2005, chaill breis is 23,000 duine a bpostanna. Go leor daoine, cé go gcailleann siad a bpostanna, faigheann siad post eile arís gan mhoill, ach tá daoine eile ann nach bhfaigheann post chomh tapa céanna.

Tuigeann Soláthróirí Eolais na deacrachtaí a bhíonn ag daoine a chailleann a bpostanna. Nuair a dhúnann monarcha nó nuair a chailleann duine post, baineann sé siar go mór as an duine sin. Ina theannta sin, go leor de na daoine a chailleann a bpostanna is beag taithí ná eolais a bhíonn acu ar an gcóras leasa shóisialaigh. Leoga, creideann daoine áirithe, agus dul amú orthu, de bhrí go ndearna siad ranníocaíochtaí Árachais Shóisialta Phá-Choibhneasta (ÁSPC) fad is a bhí siad ag obair go mbeidh siad i dteideal íocaíocht dífhostaíochta a fháil go huathoibríoch bunaithe an ioncam a bhí acu go dtí sin. Go leor daoine eile, ní bheidh siad ar an eolas i dtaobh na reachtaíochta a bhaineann le Bheith ar Thóir Oibre i nDáiríre agus tharlódh gur beag eolais a bheadh acu ar shochair thánaisteacha; ar na rátaí íoca dóibh féin agus/nó dá dteaghlaigh ná ar na tacaíocht atá ar fáil dóibh chun obair, oiliúint nó roghanna oideachais a lorg.

Is é is aidhm leis an bPacáiste Acmhainne seo ná tacú leis an obair ríthábhachtach sin a dhéanann soláthróirí eolais agus daoine eile chun soiléiriú a dhéanamh ar na gnéithe sin den chóras leasa shóisialaigh a bhaineann le duine a dífhostaíodh le déanaí.

## Iomarcaíocht

### *Cad is Iomarcaíocht ann?*

Bíonn iomarcaíocht i gceist nuair nach ann do phost duine a thuilleadh ar chúiseanna éagsúla agus nuair nach bhfostaítear aon duine ina (h)áit. Dá bhrí sin, is ar an bpost a leagtar an bhéim seachas ar an duine. Éilítear ar fhostóirí, le dlí, cúiteamh a íoc le fostaithe a scaoiltear leo de bharr iomarcaíochta.

### *Bheith Cáilithe d'Íocaíochtaí Iomarcaíochta Reachtúla*

D'fhonn a bheith cáilithe d'íocaíocht iomarcaíochta reachtúla, ní mór d'fhostaí:

- Bheith idir 16 agus 66 bliana d'aois
- Bheith fostaithe agus ag íoc ranníocaíochtaí ÁSPC atá inárachaithe do gach sochar leasa shóisialaigh. Ranníocaíocht ÁSPC Aicme A atá i gceist faoi láthair.
- Bheith ag obair go leanúnach d'fhostóir ar feadh 2 bhliain (104 seachtain) ar a laghad
- Bheith ag obair go leanúnach don fhostóir ar feadh níos faide ná 2 bhliain sa chás gur obair pháirtaimseartha a bhí ann

### *Tréimhsí Fógra Scríofa*

Tá sé d'oibleagáid ar fhostóir fógra iomarcaíochta a thabhairt don fhostaí i scríbhinn (Foirm RP50) agus cóip den fhoirm a sheoladh chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Ó mhí an Aibreáin 2005, tháinig Foirm RP50 in áit Fhoirm RP1 a bhíodh ann roimhe sin. Ar an mórchuid, braithfidh an tréimhse íosta fógra ar fhad seirbhíse an duine nó ar an tréimhse fógra a shonraítear i gconradh fostaíochta an duine. Liostaíonn an tábla seo a leanas an tréimhse íosta fógra atá duine i dteideal a fháil.

| Fad na fostaíochta | Tréimhse Íosta Fógra |
|---|---|
| Níos lú ná 13 seachtaine | Nialas |
| 13 seachtaine – 2 bhliain | 1 Seachtain |
| 2 bhliain – 5 bliana | 2 seachtain |
| 5 bliana – 10 mbliana | 4 seachtaine |
| 10 mbliana– 15 bliana | 6 seachtaine |
| Níos faide ná 15 bliana | 8 seachtaine |

Ba chóir am saor réasúnach a thabhairt don fhostaí i rith na tréimhse sin chun obair eile a lorg.



### *Íocaíochtaí Iomarcaíochta*

Fad seirbhíse leanúnaí agus tuilleamh seachtainiúil an fhostaí a chinneann méid na híocaíochta iomarcaíochta. San áireamh ar thuilleamh seachtainiúil tá ollphá seachtainiúil, meán-ragobair agus sochar comhchineáil (*BIK*). €600 an t-uasmhéid seachtainiúil d'íocaíocht iomarcaíochta reachtúla i láthair na huaire. Bíonn an íocaíocht iomarcaíochta reachtúla nó cuid na hiomarcaíochta reachtúla d'íocaíocht bhreisithe iomarcaíochta saor ó cháin. Bíonn cáin dlite ar na codanna breise d'íocaíochtaí iomarcaíochta.

### *Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh*

Má bhíonn fostaí incháilithe d'íocaíocht Iomarcaíochta, bíonn sé/sí i dteideal:

- Pá dhá sheachtaine i leith gach bliana a bhí sé/sí fostaithe (faoi réir an tsriain sheachtainiúil €600 a bhaineann le híocaíochtaí iomarcaíochta reachtúla)
- Bónasphá seachtaine

Roimhe seo, dhéantaí idirdhealú idir an teidlíocht i leith íocaíocht iomarcaíochta roimh 41 bliain d'aois agus ina dhiaidh. Cuireadh deireadh leis an idirdhealú sin in 2003 agus baineann an teidlíocht thuas le daoine idir 16 agus 66.

### *Má chuirtear i gcoinne Iomarcaíochta*

Má bhíonn díospóid i gceist i gcás iomarcaíochta, tig é a chur faoi bhráid an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

### Eolas Breise

Is féidir eolas ar ríomh íocaíochtaí iomarcaíochta a fháil ach féachaint ar áireamhán iomarcaíochta reachtúla ar láithreán gréasáin na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta www.redcalc.entemp.ie

Tá eolas breise ar an RP50 le fáil ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta,

### *Sampla: Íocaíochtaí Iomarcaíochta a Ríomh*

Bhí duine ag obair d'fhostóir ar feadh cúig bliana iomlána. Mar seo a leanas a ríomhfar a íocaíocht iomarcaíochta reachtúla

| | |
|---|---|
| Pá dhá sheachtaine x 5 | 10 seachtaine |
| Bónasphá seachtaine | +1 seachtain |
| Teidlíocht Reachtúil san iomlán | 11 seachtaine |